2025/466

6.3.2025

MOLADH (AE) 2025/466 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Márta 2025

maidir le cur chun feidhme na spriocanna a bhaineann le spriocanna líonta stórála gáis in 2025

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis, tugadh isteach spriocanna íosta ceangailteacha stórála gáis ([1]) chun feabhas a chur ar shlándáil agus athléimneacht fuinnimh san Aontas. Tá cur chun feidhme na spriocanna sin tar éis a bheith ríthábhachtach chun infhaighteacht gáis a chosaint, go háirithe le linn tréimhsí ina mbíonn éileamh ard ar ghás agus luaineacht agus éiginnteacht sa mhargadh, mar is léir ó shaoráidí stórála gáis an Aontais a bheith tar éis leibhéal líonta 90 % nó níos mó a bhaint amach roimh gach ceann de na trí gheimhreadh dheireanacha. Leanann stórálacha gáis de 30 % de thomhaltas gáis geimhridh an Aontais agus de sholúbthacht a sholáthar don chóras leictreachais.

(2) Tá feabhas mór tagtha ar staid mhargadh gáis na hEorpa ó bhí 2022 ann, cé go bhfuil an neamhchosaint ar luaineacht praghsanna fós ann go háirithe mar gheall ar an sciar níos airde de GNL i meascán fuinnimh na hEorpa agus iomaíocht mhéadaithe le haghaidh soláthairtí GNL domhanda sa chomhthéacs geopholaitiúil.

(3) Ó bhí mí na Samhna 2024 ann, tá margadh gáis na hEorpa i staid ina bhfuil conarthaí le haghaidh seachadtaí gáis le linn shamhradh 2025 níos costasaí ná conarthaí le haghaidh seachadtaí gáis le linn gheimhreadh 2025-26 (raon difríochta praghsanna samhraidh-geimhridh diúltach) agus, mar thoradh air sin, tá dreasachtaí tráchtála do ghnóthais gáis chun gás a stóráil le haghaidh an gheimhridh seo chugainn níos laige ná mar a bhí sna séasúir líonta roimhe sin.

(4) An tráth céanna, agus cé gur tháinig laghdú beagnach 20 % ar an éileamh ar ghás san Eoraip ó bhí 2022 ann, meastar go mbeidh na leibhéil stórála gáis ag deireadh shéasúr téimh 2025 níos ísle i gcomparáid leis an 2 bhliain dheireanacha, cé go mbeidh siad cosúil leis na meánleibhéil líonta a bhí ann roimh an ngéarchéim ([2]) agus go mór os cionn leibhéil 2022. Chuige sin, beidh gá le níos mó toirteanna a instealladh le linn an tsamhraidh chun na stórálacha a líonadh roimh gheimhreadh 2025/2026 i gcomparáid leis an dá shéasúr roimhe sin.

(5) Sa timpeallacht luaineach chasta sin, tá sé ríthábhachtach ról ríthábhachtach na saoráidí stórála gáis a choinneáil ar bun chun slándáil an tsoláthair a áirithiú trí sheasamh leis an sprioc líonta éigeantach an 1 Samhain. An tráth céanna, trí sholúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit le saoráidí stórála a líonadh i rith shéasúr an tsamhraidh ar na dálaí ceannaigh is fearr is féidir, laghdófar an strus ar an gcóras agus seachnófar saobhadh ar an margadh faoi na dálaí margaidh atá ann faoi láthair.

(6) Tá sé chomh tábhachtach céanna sa chomhthéacs sin staonadh ó bhearta náisiúnta a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar an margadh gáis nó a d'fhéadfadh an staid slándála fuinnimh i mBallstát eile nó san Aontas Eorpach a chur i mbaol. I gcás ina bhfuil sainordú ag eintitis líonadh stórála gáis a chur chun feidhme, ba cheart dóibh sin a ndícheall a dhéanamh straitéis trádála stuama a shaothrú lena bhféachtar le tionchar diúltach mór ar na spotmhargaí agus ar mhargaí na ndíorthach a sheachaint.

(7) Na forálacha maidir le stóráil gáis atá i bhfeidhm faoi láthair, go háirithe Airteagal 6(a) agus 6(b) de Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), rachaidh siad in éag i mí na Nollag 2025.

([1]) IO L 173, 30.6.2022, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1032/oj.
([2]) Déantar tagairt do na meánleibhéil líonta ag deireadh an gheimhridh gáis, is é sin an 1 Aibreán le haghaidh na mblianta 2017-2021.
([3]) Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú gus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1938/oj).

(8) Tugann sé sin le tuiscint nach mór an tsolúbthacht chun stórálacha a líonadh i rith 2025 a lorg laistigh den chreat reachtach atá ann faoi láthair. D'fhéadfadh treoir maidir le conas forálacha solúbthachta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm laistigh den chreat reachtach atá ann cheana cuidiú leis na Ballstáit a mbeartais líonta stórála a chomhordú ar bhealach níos fearr agus a dhearadh go cliste roimh gheimhreadh 2025/2026.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. Agus bearta náisiúnta á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu chun oibleagáidí stórála a chomhlíonadh, moltar go n-áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na bearta sin an margadh inmheánach fuinnimh a shaobhadh ná nach ndéanfaidh siad difear diúltach do shlándáil fuinnimh Ballstát eile ná an Aontais, agus go rachaidh siad i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis chun na críche sin. Tá gníomhaíocht chomhordaithe fíor-riachtanach chun sláine an chómhargaidh a choinneáil ar bun agus chun slándáil fuinnimh chothrom a áirithiú ar fud an Aontais.

2. Moltar do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme bearta sealadacha a tugadh isteach chun tacú leis na conairí líonta agus leis an sprioc líonta an 1 Samhain, agus athbhreithniú á dhéanamh go háirithe ar a dtionchair ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh. Moltar do na Ballstáit freisin, agus bearta den sórt sin á gceapadh acu, a dtionchar ar chobhsaíocht agus ar fheidhmiú ordúil mhargaí na ndíorthach a mheas. Moltar do na Ballstáit a fhíorú go bhfuil an saineolas is gá maidir le trádáil i margaí fuinnimh, lena n-áirítear na straitéisí fálaithe iomchuí, ag na heintitis atá i gceannas ar chur chun feidhme na straitéisí, más ann dóibh.

3. Moltar do na Ballstáit dálaí iarbhír an mhargaidh a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na bearta a bhaineann le leibhéal líonta na stórálacha i rith na bliana. Agus aghaidh á tabhairt aige ar imeachtaí ón gconair líonta agus cinneadh á dhéanamh aige maidir leis na céimeanna forfheidhmiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann, soláthróidh an Coimisiún níos mó solúbthachta trí na forbairtí sonracha ar an margadh gáis agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar chomhlíonadh na spriocanna líonta a chur san áireamh.

4. De réir Airteagal 6a(2) de Rialachán (AE) 2017/1938, na Ballstáit a bhfuil acmhainneacht shuntasach stórála faoi thalamh acu agus a ndéanfadh an oibleagáid maidir leis an sprioc líonta le haghaidh na saoráidí stórála gáis faoi thalamh ina gcríoch difear dóibh go díréireach, féadfaidh siad toirt a stóráil atá bunaithe ar 35 % dá meántomhaltas bliantúil le 5 bliana anuas. Thairis sin, de réir Airteagal 6a(5) de Rialachán (AE) 2017/1938, féadfaidh na Ballstáit a bhfuil bonneagar suntasach stórála GNL acu (os cionn 4 % dá meántomhaltas náisiúnta gáis le 5 bliana anuas) stóráil GNL a chomhaireamh i dtaobh a sprice líonta i gcomhair an 1 Samhain. Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as na solúbthachtaí sin a chuirtear ar fáil.

5. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1938, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun an sprioc líonta an 1 Samhain a bhaint amach. Mar sin féin, meabhraíonn an Coimisiún go dtugtar roinnt solúbthachta le hAirteagal 6a(8) nuair a bhíonn saincheisteanna teicniúla roimh Bhallstát amhail srianta píblíne nó fadhbanna a bhaineann le saoráidí insteallta, rud a chuireann ar a chumas don Bhallstát an sprioc líonta a chomhlíonadh faoin 1 Nollaig. Féadfaidh an Coimisiún a mheas go bhfuil dálaí sonracha margaidh as a n-eascraíonn rátaí insteallta thar a bheith íseal ar comhchéim le saintréithe teicniúla sonracha. Mar sin féin, tá sé sin gan dochar d'oibleagáid an Bhallstáit atá i gceist argóintí réasúnacha mionsonraithe a chur ar fáil maidir leis an bhfáth nárbh fhéidir an sprioc éigeantach a bhaint amach ina hiomláine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Dan JØRGENSEN
Comhalta den Choimisiún